**Socraithe den polasaí measúnaithe ioncaim don Scéim um Cheannach Inacmhainne[1]**

## 1. Cúlra agus Aidhm an Pholasaí Measúnaithe Ioncaim do Tithíochta Inacmhainne.

Leagtar amach sa bheartas seo, arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an bealach ina ndéanfaidh údaráis tithíochta measúnú ar ioncam iarratasóirí chun críche incháilitheacht do shocrú cheannach teaghaise incheannaithe a chinneadh faoi alt 10 d'Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021. agus Rialachán 2 de na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne 2022.

## 2. Is d'ioncam comhlán é an t-ioncam a ndéantar measúnú air.

Tá an cinneadh ar más gcomhlíonann iarratasóir na critéir ioncaim i Rialachán 2(1) de na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne 2022 bunaithe ar ríomh ar a mheánioncam comhlán den 12 mhí roimh dháta glactha an iarratais. Déanfar ioncam na ndaoine go léir a dhéanfaidh an t-iarratas a mheasúnú.

## 3. Ioncam atá inmheasúnaithe nuair atá iarratais ar shocruithe cheannach teaghaise inacmhainne á mbreithniú

Faoi réir mhír 4, tá na hioncaim seo a leanas inmheasúnaithe ar mhaithe le hincháilitheacht do shocruithe cheannach teaghaise incheannaithe a mheas:

A. Ioncam ó fhostaíocht le íocaíochtaí ragoibre, bónais agus coimisiúin san áireamh, beidh sé inmheasúnaithe mar a leanas:

   i. Ragobair: de gnáth uasmhéid 10% den bhunioncam, ach féadfar ragobair rialta a chur san áireamh freisin;

   ii. bónas: teoranta d'uasmhéid 10% dod' bhunioncam;

   iii. coimisiún: teoranta d'uasmhéid 30% dod' bhunioncam, nuair is cuí;

B. Ioncam ó fhéinfhostaíocht;

C. Íocaíochtaí cothabhála atá faighte agat;

D. Ioncam ó réadmhaoin ar cíos, díbhinní, infheistíochtaí caipitil agus foinsí eile ioncaim atá mar aon leo siúd;

1 V1 20/04/2022 Foinse – Aonad Ceannach agus Cíosa Inachmhainne. R-Phost; LAaffordablepurchase@housing.gov.ie

E. Pinsin ghairme agus leasa shóisialaigh, ó cibé foinse, le foinsí thar lear san áireamh;

F. Seachas na híocaíochtaí sonracha a liostaítear i mír 4 , beidh an t-ioncam ar fad ó íocaíochtaí árachais shóisialaigh agus cúnaimh shóisialaigh, ó liúntais agus ó shochair, agus an Íocaíocht Teaghlaigh Oibre in áireamh.

Tá fomhír (c) agus ioncam ó réadmhaoin ar cíos, a luaitear i bhfomhír (d), faoi réir cibé coinníollacha nó critéir a bheidh leagtha amach i dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## 4. Ioncam nach bhfuil inmheasúnaithe

Agus ioncam iarratasóirí á mheasúnú chun críocha an bheartais seo, féadfaidh údarás tithíochta cinneadh a dhéanamh neamhaird a dhéanamh ar ioncam atá aonuaire, sealadach nó gearrthéarmach agus atá lasmuigh de phatrún rialta ioncam bliantúil an iarratasóir.

Déanfar neamhaird, i ngach cás, ar ioncam ó na foinsí seo a leanas chun críocha ioncam a mheasúnú:

A. Íocaíochtaí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh do na nithe seo a leanas:

  i. Sochar Linbh;
  ii. Íocaíochtaí Caomhnóra (Ranníocach);
  iii. Íocaíochtaí Caomhnóra (Neamh-Ranníocach);
  iv. Liúntas Cúramóra, ráta iomlán nó leathráta;
  v. Sochar Cúramóra;
  vi. Liúntas Cúraim Baile;
  vii. Liúntas Freastail Leanúnaigh;

viii. Liúntas Gaolta forordaithe;

ix. Liúntas Leictreachais nó Gáis;

x. Liúntas Breosla;

xi. Liúntas Fón;

xii. Méadú mar cúis Cónaí ar Oileán Sonraithe;

xiii. Liúntas Maireachtála Aonair;

xiv. Forlíonadh aiste bia;

xv. Íocaíochtaí faoin Scéim Cúraim Leighis;

xvi. Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair;

xvii. Sochar Míthreorach/Pinsean;

xviii. Íocaíochtaí aonuaire nó íocaíochtaí neamhrialta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Deontas Tacaíochta Cúramóra, Deontas Tacaíochta Oiliúna, Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil, Íocaíocht Riachtanas Eisceachtúil, Íocaíocht Riachtanas Práinneach, Scéim Chúnaimh Dhaonnúil, Deontas Sochraide;

B. Méid an ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Forlíontach a bhfuair tú ó scéimeanna fostaíochta pobail lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

I. An Scéim Fostaíochta Pobail;

II. Clár Seirbhísí Pobail;

III. *Gateway*;

IV. An Scéim Fostaíochta don Aos Óg;

V. An Scéim Sóisialta Tuaithe (SST);

VI. Tús;

**C.** Méid an ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Forlíontach a bhfuair tú mar íocaíochtaí uathu seo a leanas:

   i. An Roinn Coimirce Sóisialaí;

   ii. An Roinn Oideachais;

   iii. An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta;

   iv. aon Roinn Rialtais nó gníomhaireacht stáit ar bith, maidir le cúrsa oideachais nó oiliúna;

**D.** Íocaíochtaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith na nithe seo a leanas:

   I. Liúntas Altramais;

   II. Liúntas Leasa na nDall;

   III. Liúntas soghluaisteachta;

**E.** Íocaíochtaí ón Roinn Oideachais, nó faoi scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn sin, i leith na nithe seo a leanas:

   I. Scéimeanna deontas d'mhac léinn;

   II. Scéim Teagasc Baile;

   III. Liúntas oiliúna Ógtheagmhála;

**F.** Íocaíochtaí a fhaightear mar liúntas oiliúna le linn do chúrsa oiliúna athshlánúcháin a bheith á déanamh ag eagraíocht atá ceadaithe ag an Aire Sláinte;

**G.** Íocaíochtaí ó eagraíochtaí carthanúla, más comhlachtaí iad a sheoltar a ghníomhaíochtaí ar shlí nach do brabúis atá ann (ach gan aon údarás áitiúil nó údarás poiblí eile a áireamh) agus ar ceann de fheidhmeanna ná cúnamh a thabhairt do dhaoine i ngátar trí dheontais airgid a thabhairt dhó.

H. Íocaíochtaí mar aon le Shochar Linbh arna ndéanamh ag –

I. Ballstát den AE, seachas an Stát, nó

II. an Ríocht Aontaithe (faoi shocruithe um Chomhlimistéar Taistil);

I. Scoláireachtaí i leith freastal ar chúrsaí ceadaithe arna soláthar ag forais cheadaithe, de réir bhrí ailt 7 agus 8 den Acht Tacaíochta do Mhic Léinn 2011 (Uimh. 4 de 2011), faoi seach.